# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005

## STAIDÉAR GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN B

**(300 Marc)**

DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH 2005 – MAIDIN, 9.30 – 12.OO

- **Cúig Cheist ar bith le Freagairt.**
- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

# ROINN B (300 Marc)

**<u>Cúig Cheist</u> ar bith le freagairt.**
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair.
Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Freagair gach cuid. Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh**
*(Le comhlánú ar leathanach 6 de Roinn A)*

Seo thíos buiséad do mhuintir Uí Churraoin do na ceithre mhí, ó Bhealtaine go Lúnasa, 2005:

Is é an tAirgead Tosaigh ar Láimh ná €750.

**<u>Ioncam Pleanáilte</u>**

- Tuilleann Seán Ó Curraoin glanphá €2,500 in aghaidh na míosa.
- Tuilleann Bríd Uí Churraoin glanphá €1,600 in aghaidh na míosa agus tá súil aici le €1,000 glan **sa bhreis** i Mí Iúil mar bhónas laethanta saoire.
- Is é an Sochar Leanaí ná €270 glan in aghaidh na míosa.

**<u>Caiteachas Pleanáilte</u>**

- Laghdóidh an morgáiste tí ó €800 in aghaidh na míosa go dtí €750 in aghaidh na míosa ón 1 Iúil.
- Is é an táille árachas tí ná €960 **in aghaidh na bliana** agus tá sé iníoctha **gach mí** ón 1 Bealtaine.
- Íocann Muintir Uí Churraoin árachas sláinte de €170 in aghaidh na míosa. Méadóidh sé seo de €20 in aghaidh na míosa ón 1 Iúil.
- Bíonn costais teaghlaigh €1,300 in aghaidh na míosa orthu, de ghnáth, ach amháin i mí Lúnasa nuair a bhíonn siad €600 **níos lú**.
- Úsáideann Muintir Uí Churraoin an córas iompair poiblí chun dul ar obair. Cosnaíonn ticéad traenach Sheáin €150 in aghaidh na míosa agus cosnaíonn ticéad comhcheangailte Bus/Luas Bhríde €80 gach mí.
- Ceaptar go mbeidh €340 ar an mbille BSL i mí an Mheithimh agus €290 i mí Lúnasa le haghaidh solais agus teasa.
- Ceaptar go mbeidh €220 ar an mbille teileafóin i mí Bealtaine agus €280 i mí Iúil. Chomh maith leis sin beidh €160 in aghaidh na míosa ar bhillí fón póca don chlann uile.
- Tá saoire in áirithe ag an teaghlach a chosnóidh €2,900. Caithfidh siad eárlais de €500 a íoc leis na gníomhairí taistil i mí Bealtaine, gala €500 eile a íoc i mí Iúil agus an fuílleach i mí Lúnasa.
- Cosnóidh siamsaíocht €900 gach mí ach amháin i mí Iúil, nuair a chosnóidh sí €500 **sa bhreis**.

**(A)** Comhlánaigh an fhoirm bhán do bhuiséad teaghlaigh *(ar lch.6 de Roinn A)* ag baint úsáide as na figiúiri uile thuas. (50)

**(B)** Gan trácht ar airgead tirim nó seic, ainmnigh **dhá** shlí eile inar féidir le Muintir Uí Churraoin a mbillí BSL a íoc. Scríobh do fhreagra sa spás atá curtha ar fáil *(ar lch. 6 de Roinn A).* (5)

**(C)** Tá sé ar intinn ag Muintir Uí Churraoin an seomra cónaithe a phéinteáil i mí Meán Fómhair ar chostas €750. Luaigh cé acu a mbeidh an caiteachas seo seasta, neamhrialta, nó roghnach. Mínigh do fhreagra (*ar lch. 6 de Roinn A*). (5)

**(60 marc)**

**2.**

**Freagair gach cuid. Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe.**
*(Le comhlánú i do Fhreagarleabhar)*

Gnólacht is ea Harford Tta le Caipiteal Udaraithe de 300,000 Gnáscaireanna ar €1 an ceann. Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as na leabhair ar 31 Nollaig 2004, deireadh na bliana airgeadais.

| **Comhardú Trialach mar a bhí ar 31 Nollaig 2004** | **Dr** | **Sr** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin ar Airgead Tirim | | 280,000 |
| Ceannacháin ar Airgead Tirim | 184,700 | |
| Carraeireacht Isteach | 7,000 | |
| Stoc Tosaigh ar1 Eanáir 2004 | 57,800 | |
| Solas agus Teas | 8,650 | |
| Teileafón | 2,350 | |
| Fógraíocht | 16,250 | |
| Cíos agus Rátaí | 7,350 | |
| Árachas | 19,150 | |
| Díbhinn Íoctha | 12,000 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 29,500 |
| Airgead Tirim ar Láimh | 1,750 | |
| Scairchaipiteal Eisithe i Scaireanna €1 | | 189,000 |
| Troscán agus Fearais | 96,000 | |
| Veaineanna Mótair | 85,500 | |
| | 498,500 | 498,500 |

Ba é an Stoc Deiridh ar 31 Nollaig 2004 ná €39,500.

**(A)** Ó na figiúirí thuas ullmhaigh **Cuntas Trádála agus Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2004 agus **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar an dáta sin. (45)

**(B)** Mínigh cad is brí le "Díbhinn Íoctha". (5)

**(C)** Cén céatadán de na Díolacháin ar Airgead Tirim é an Brabús Comhlán? Taispeáin do chuid oibrithe. (10)

**(60 marc)**

3. **Freagair gach cuid. Baineann an cheist seo le Teicneolaíocht Faisnéise agus Scríobh Litreach.**
*(Le comhlánú i do Fhreagarleabhar)*

Rinne Seosamh Ó Broin teagmháil leis An Stór Ríomhairí Tta, An tSráid Mhór, Caisleán an Bharraigh, agus labhair sé leis an mbainisteoir, Fíona Ní Thuama. "Níl eolas ar bith agam ar ríomhairí nó ar Theicneolaíocht Faisnéise", adúirt Seosamh, "ach deir mo chairde liom gur cheart dom ríomhaire a cheannach. Chuir chugam, le do thoil, roinnt eolais fúthu sin. Is é an seoladh poist atá agam ná An Tigín, Balla, Co. Mhaigh Eo. "

Scríobh Fíona litir chuig Seosamh ag gabháil buíochais leis as a iarratas ar an teileafón. Sa litir, dar dáta 7 Meitheamh 2005, liostaigh sí **trí** shampla de Theicneolaíocht Faisnéise ar féidir iad a fháil sa bhaile agus ar féidir le Seosamh úsáid a bhaint astu gach lá gan iad a aithint. Chomh maith leis sin luaigh sí **trí** bhuntáiste a bhainfeadh Seosamh as ríomhaire a úsáid. Mar fhocal scoir thug sí cuireadh do Sheosamh cuairt a thabhairt ar an siopa lá éigin ionas gurbh fhéidir léi na ríomhairí is nua-aoisí a thaispeáint dó.

**(A)** Scríobh an litir a sheol Fíona chuig Seosamh ar an 7 Meitheamh 2005. (40)

**(B)** Luaigh **trí** samplaí de Theicneolaíocht Faisnéise i mbaincéireacht. (12)

**(C)** Téarmaí iomráiteacha iad **Crua-Earraí** agus **Bogearraí** i gcúrsaí ríomhaireachta.

Mínigh go cruinn **gach** téarma díobh (is leor abairt i ngach cás). (8)

**(60 marc)**

**4.** **Freagair gach cuid. Baineann an cheist seo le Pá.**
*(Le comhlánú ar leathanach 7 de Roinn A)*

Tá Rónán Mac an Bháird fostaithe mar bhainisteoir láithreáin ag Comhlacht Tógála Harris Tta. De ghnáth oibríonn sé 38 uair sa tseachtain. Má oibríonn sé níos mó ama, faigheann sé pá ragoibre de réir am dúbailte.

Seo a leanas duillín pá Rónáin don 8 Aibreán 2005:

| Fostaí: | **Rónán Mac an Bháird** | | Seachtain 14 | 8 Aibreán 2005 |
|---|---|---|---|---|
| PÁ: | € | ASBHAINTÍ: | € | **Comhlacht Tógála Harris Tta** |
| BUNPHÁ | 760.00 | ÍMAT | 265.50 | |
| RAGOBAIR | 80.00 | ÁSPC | 83.50 | |
| | | CEARDCHUMANN | 15.00 | GLANPHÁ |
| OLLPHÁ | 840.00 | ASBHAINTÍ IOMLÁNA | 364.00 | 476.00 |

*Freagair na ceisteanna seo a leanas go léir sna spásanna atá curtha ar fáil ar lch. 7 de Roinn A.*

**(A)** Ríomh bunphá Rónán Mac an Bháird in aghaidh na h-uaire. (6)

**(B)** Ríomh cé mhéid a shaothraíonn sé as ragobair uaire amháin. (6)

**(C)** Ríomh an méid uaireanta ragoibre a d'oibrigh sé i Seachtain 14. (6)

**(D)** An tseachtain ina dhiaidh sin, d'oibrigh Rónán 42 uair an chloig. Ba é a ÍMAT ná €298.50 agus a ÁSPC ná €94.25. Ní raibh aon athrú ar a bhunphá ná ar a asbhaint ceardchumainn. Agus an t-eolas thuas agat, comhlánaigh a Dhuillín Pá do Sheachtain 15, dar dáta 15 Aibreán 2005. (21)

**(E)** Baineann na téarmaí seo a leanas le cúrsaí pá:

- Asbhaintí Reachtúla
- Tascráta
- Coimisiún
- Sochar Comhchineáil
- Amráta

Mínigh **trí** cinn de na téarmaí thuas, agus tabhair sampla **i ngach** cás. (21)

**(60 marc)**

**5.** **Freagair gach cuid. Ceist í seo ar Dhoiciméid Ghnó**
*(Le comhlánú ar leathanaigh 8 agus 9 de Roinn A)*

Tá Ciara Ní Fhionnáile ina bainisteoir ceannaigh ag Mobile World Tta, Miondíoltóirí Fóin Póca agus Oiriúintí, 12 An tSráid Ard, Inis, Co. an Chláir. Ar an 12 Bealtaine 2005 seolann sí Ordú (Uimh.173) le haghaidh na n-earraí seo a leanas go dtí An Bainisteoir, Mórdhíoltóirí Guthán Tta, Eastát Tionsclaíochta na Sionainne, Luimneach.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 60 | Fón Póca Nokia | Déanamh N6820 | @ | €200.00 an ceann |
| 40 | Fón Póca Motorola | Déanamh V300 | @ | €150.00 an ceann |
| 80 | Fón Póca Siemens | Déanamh MC60 | @ | €90.00 an ceann |
| 20 | Fón Póca Sharp | Déanamh GX30 | @ | €350.00 an ceann |

**(A)** Ó na sonraí thuas comhlánaigh an tOrdu bán Uimh.173 *(ar lch. 8 de Roinn A)*. (18)

Tá na hearrai go léir a ordaíodh sa stoc, ach amháin na Fóin Póca Sharp. Seachadtar na **Fóin Póca Nokia, Motorola agus Siemens** ar thrucail go dtí Mobile World Tta ar an 16 Bealtaine 2005. Scrúdaíonn Ciara na hearraí agus síníonn sí an Duillín Seachadta. Tugann tiománaí na trucaile Sonrasc (Uimh.681), dar dáta16 Bealtaine 2005, di ansin.

**(B)** Luaigh cúis **amháin** a síneodh Ciara an Duillín Seachadta. (6)

**(C)** Ó na sonraí thuas comhlánaigh an Sonrasc bán Uimh. 681 (*ar lch. 9 de Roinn A*).
Nóta: 10% an **Lascaine Thrádála** agus 20% an **CBL** ar gach Fón Póca. (30)

Ansin scríobhann Ciara seic ar son Mobile World Tta mar íocaíocht iomlán. Tugann sí don tiománaí é chun é a thabhairt ar ais go dtí Mórdhíoltóirí Guthán Tta. Ar an lá céanna iontráiltear an beart seo i gCuntas Bainc Mobile World Tta.

**(D)** Iontráil an íocaíocht seice i gCuntas Bainc Mobile World Tta. *(Bain úsáid as **ceann amháin** de na cuntais bhainc ar lch. 9 de Roinn A).* (6)

**(60 marc)**

**6.** **Freagair gach cuid. Is ceist í seo ar Mhionairgead.**
*(Cuid A le comhlánú ar leathanach 10 de Roinn A)*
*(Féadtar codanna B agus C a chomhlánú ar lch. 10 de Roinn A* ***nó i*** *do fhreagarleabhar)*

Tá Micheál Ó Diolúin ina bhainisteoir oifige in Cubes Tta. Úsáideann sé Leabhar Mionairgid chun cuntas a choimeád ar mhionchostais na hoifige. I dtosach gach míosa bíonn óinchiste de €400 aige.

Bhí na bearta mionairgid seo a leanas aige i rith na Bealtaine, 2005:

| | | |
|---|---|---|
| Bealtaine | 1 | Iarmhéid (óinchiste) ar láimh €400. |
| | 3 | Chaith sé €18 ar phostas – Dearbhán Mionairgid Uimh. 51. |
| | 5 | Cheannaigh se páipéar scríbhneoireachta (páipéarachas) ar €32 – Dearbhán Mionairgid Uimh. 52. |
| | 9 | D`íoc sé €30 le cumann carthanachta áitiúil i gcóir siúlóide urraithe –Dearbhán Mionairgid Uimh53. |
| | 11 | Cheannaigh sé clúdaigh litreach (páipéarachas) ar €27 – Dearbhán Mionairgid Uimh. 54. |
| | 12 | D`íoc sé €57 as deisiú deasc ríomhaire – Dearbhán Mionairgid Uimh. 55. |
| | 17 | D`íoc sé €26 le SPD Couriers Tta chun beart a sheachadadh (postas) – Dearbhán Mionairgid Uimh. 56. |
| | 19 | D`íoc sé €15 i gcomhair tacsaí chun custaiméir a thabhairt ó stáisiún na traenach – Dearbhán Mionairgid Uimh. 57. |
| | 20 | D`íoc sé €35 le haghaidh ghlanadh na hoifige – Dearbhán Mionairgid Uimh. 58. |
| | 23 | D`íoc sé €30 as deisiú printeára – Dearbhán Mionairgid Uimh. 59. |
| | 26 | Cheannaigh sé páipéar cóipeála (páipéarachas) ar €54 – Dearbhán Mionairgid Uimh. 60. |
| | 27 | D`íoc sé €40 as táille traenach don bhainisteoir díolachán – Dearbhán Mionairgid Uimh. 61. |
| | 31 | Chaith sé €24 ar phostas – Dearbhán Mionairgid Uimh. 62. |

**(A)** Iontráil an beart den 17 Bealtaine (amháin) sa Dearbhán Mionairgid *(ar lch. 10 de Roinn A).* (12)

**(B)** Breac go hiomlán Leabhar an Mhionairgid do Mhí na Bealtaine *(ar lch. 10 de Roinn A* ***nó*** *i do Fhreagarleabhar),* ag baint úsáide as na colúin anailísithe seo a leanas:

**Postas, Páipéarachas, Deisiúcháin, Taisteal, Ilchostais.**

Suimigh gach colún anailíse agus comhardaigh Leabhar an Mhionairgid ag deireadh Mhí na Bealtaine. (43)

**(C)** Cé mhéad airgid a gheobhaidh Micheál ón bpríomhchisteoir ionas gur féidir leis an mhí seo chugainn a thosú le hóinchiste €400? (5)

**(60 marc)**

**7.** **Freagair gach cuid. Baineann an Cheist seo le hIompar agus Córais Seachadta.**
*(Le comhlánú ar leathanach 11 de Roinn A)*

Cónaíonn Seán Ó Cathmhaoil sa Mhóta, Co. na hIarmhí. Tá eitilt in áirithe aige go dtí Londain ar an gCéadaoin, 29 Meitheamh 2005. Fágann an eitilt Aerfort Bhaile Átha Cliath ag 1340 (1.40 i.n) ach ní mór do na paisinéirí síniú isteach ag an aerfort uair an chloig ar a laighead roimh an eitilt. Tá Seán ag dul ar an mbus go dtí Aerfort Bhaile Átha Cliath.

| **Amchlár Aeir** | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Aerfort Bhaile Átha Cliath – Aerfort Londan** | | | | | | | | | |
| **Uimh. Eit** | **Imeacht** | **Teacht** | | | | | | | |
| **FR 202** | **0630** | **0745** | **Luan** | **Máirt** | **Céad** | **Déar** | **Aoin** | **Sath** | **Domh** |
| **FR 206** | **0825** | **0935** | **Luan** | **Máirt** | **Céad** | **Déar** | **Aoin** | **Sath** | **Domh** |
| **FR 212** | **1155** | **1305** | **Luan** | **-** | **-** | **-** | **Aoin** | **-** | **-** |
| **FR 214** | **1230** | **1340** | **Luan** | **Máirt** | **Céad** | **Déar** | **Aoin** | **Sath** | **-** |
| **FR 216** | **1340** | **1450** | **Luan** | **Máirt** | **Céad** | **Déar** | **Aoin** | **Sath** | **-** |
| **FR 218** | **1430** | **1540** | **Luan** | **Máirt** | **Céad** | **Déar** | **Aoin** | **Sath** | **Domh** |
| **FR 226** | **1700** | **1810** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **Domh** |
| **FR 294** | **1835** | **1945** | **Luan** | **Máirt** | **Céad** | **Déar** | **Aoin** | **Sath** | **Domh** |
| **FR 224** | **2100** | **2210** | **Luan** | **Máirt** | **Céad** | **Déar** | **Aoin** | **-** | **Domh** |

| **Amchlár Bus: An Ghaillimh – Aerfort Bhaile Átha Cliath** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Gach Lá** | **Gach Lá** | **Gach Lá** | **Gach Lá** | **Domh. Amháin** |
| **An Ghaillimh** | 06:30 | 08:45 | 10:25 | 17:25 | 19:15 |
| **Baile Locha Riach** | 07:00 | 09:15 | 11:00 | 18:00 | 19:45 |
| **Béal Átha na Sluaighe** | 07:25 | 09:40 | 11:25 | 18:25 | 20:10 |
| **Baile Átha Luain** | 07:50 | 10:05 | 11:50 | 18:50 | 20:30 |
| **An Móta** | 08:00 | 10:20 | 12:10 | 19:00 | 20:45 |
| **Cionn Átha Gad** | 08:30 | 10:50 | 12:40 | 19:30 | 21:15 |
| **An Bóthar Buí** | 09:00 | 11:20 | 13:00 | 20:00 | 21:45 |
| **Baile Átha Cliath: An Lár** | 09:30 | 11:50 | 13:35 | 20:40 | 22:15 |
| **Aerfort Bhaile Átha Cliath** | 10:00 | 12:20 | 14:15 | 21:10 | 22:45 |

Úsáid na cláir ama thuas chun na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:
(*Le comhlánu ar lch. 11 de Roinn A*).

**(A)** **(i)** Cad é Uimhir Eitilte Sheáin?

**(ii)** Cad é an t-am is déanaí ba cheart do Sheán bheith ag stad an bhus sa Mhóta ionas gur féidir leis Aerfort Bhaile Átha Cliath a shroichint in am dá eitilt?

**(iii)** Cén uair a shroichfidh eitilt Sheáin Aerfort Londan? (18)

**(B)** Ríomh an méid iomlán ama a thógfaidh Seán chun dul ó stad an bhus sa Mhóta go dtí Aerfort Londan. Taispeáin do chuid oibrithe. (9)

***Nóta: Tá an cheist seo ar leanúint ar an gcéad leathanach eile.***

**(C)** Luaigh **trí** fhachtóir a ndéanfadh comhlacht machnamh orthu agus iad ag roghnú córas iompair chun earraí a sheachadadh timpeall na tíre. (9)

**(D)** Comhlacht onnmhairithe is ea Expo Tta a úsáideann aeriompar chun a n-earraí a sheachadadh go tíortha eile.

**(i)** Luaigh **dhá** bhuntáiste do Expo Tta as aeriompar a úsáid.

**(ii)** Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste do Expo Tta as aeriompar a úsáid. (16)

**(E)** Ta Gás Nádúrtha á phíobáil go dtí a lán bailte timpeall na tíre.

Luaigh **dhá** bhuntáiste le húsáid píblínte chun gás a sheachadadh. (8)

**(60 marc)**

**8.** **Freagair gach cuid. Is Ceist í seo ar Chinealácha Gnó**
(*Le comhlánú ar lch.12 de Roinn A)*

Is le Trádálaithe Aonair formhór de ghnóthaí beaga na hÉireann.

**(A)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le Tradálaí Aonair. (12)

**(B)** Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le Trádálaí Aonair. (12)

Is cineál coitianta gnó in Éirinn í an Cuideachta Theoranta Phríobháideach chomh maith.

**(C)** Cad a thugtar ar úinéirí Cuideachta Theoranta Phríobháideach? (6)

**(D)** Ainmnigh ceann **amháin** de na doiciméid dhlíthiúla nach mór a chomhlánú nuair a bhítear ag cur Cuideachta Theoranta Phríobháideach ar bun. (6)

**(E)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le Cuideachta Theoranta Phríobháideach. (12)

**(F)** Luaigh **dhá** dhifríocht idir Trádálaí Aonair agus Cuideachta Theoranta Phríobháideach. (12)

**(60 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD ROINN 'A' A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán